

AN EASÓG

Dá ngeallfá ceapaire aráin di ní thiubhradh sí na héanacha uait, nó péire stocaí. Is minic a d'fhág bean péire stocaí sa sgailp aice. Sí an cat a bhíodh ag na Lochlannaigh in Éirinn í. Chaithfeadh sí smugairle le teann uilc. Ní fhágfaidh sí luch mhór san mbaile a mbeadh sí ann. Chonnaic mé deich gcinn de luchain mhóra in aon charnán amháin ag easóg.

Ciaróg a chuir an táilliúr snáthaid ina súil. Bean as Albain a bhí sa gciaróg. (An Táilliúr Ó Ruairc as Condae Mhuigheo).